

NAOMH PEADAR AGUS ÁR SLÁNUIGHTHEOIR

Bhí Naomh Peadar agus Mac Dé a' siubhlóid agus casadh fear bocht dófa a bhí caithte claidhte droch-bhreathnuigheach agus d'iarr sé sé déirc ortha. Chuir Mac Dé lámh ina phóca agus thug sé leithphinginn dó. Ní i bhfad a chuaigh siad nuair a casadh sgorach d'fhear óg luath láidir a' tigheacht chuca an bóthar. D'iarr sé déirc agus congnamh ortha. Chuir Mac Dé lámh ina phóca agus thug sé sgilling dhó.

"Glacaim pardún agat" adeir Peadar, "tá iongnadh mór agam ins an rud atá déanta a'd a Shlánuightheoir. Níor thug tú don fhear bocht nach raibh ann ach go raibh sé i ndon an bóthar a shiubhal ach leithphinginn agus thug tú sgilling d'fhear óg luath láidir."

Ní i bhfad a fuaidh siad gur fhilleadar ar ais. Nuair a bhíodar a' tigheacht ar ais casadh teach ósta dófa.

"Gabh isteach annsin, a Pheadair" adeir ár Shlánuightheoir, "agus féach cé tá ann."

Fuaidh sé isteach agus cé d'fheicfeadh sé ach an fear a fuair an sgilling agus leath-ghalún leanna leagtha ina fhiadhnaise, agus sheachad sé gloine do Pheadar de. Chuaigh Peadar amach go dtí ár Slánuightheoir.

"Céard a fheiceas tú a Pheadair" ar an Slánuightheoir.

"Chonaic mé an fear a dtug tú an sgilling dó istigh agus a leath-ghloine leanna aige dá ól agus thairg sé gloine dhom."

"Tugann duine do chroidhe a chaithte é" adeir an Slánuightheoir.

Shiubhail siad leof an bóthar sgathamh eile. "Gabh isteach thar an gclaidhe annsin agus féach céard a d'fheicfeá ann" adeir an Slánuightheoir le Peadar.

Chuaigh Peadar isteach agus céard d'fheicfeadh sé ach an seanfhear a fuair an leath-phinginn thar éis bháis.

"Ó a Shlánuightheoir" arsa Peadar, "tá an seanfhear a casadh linn ar an mbóthar tar éis bháis."

"Cuartuigh a chuid éadaigh a Pheadair" ar seisean.

Chuartaigh Peadar a chuid éadaigh agus níl aon spota dár chuartuigh sé nach raibh pacáilte le ór.

"Ó a Shlánuightheoir" adeir Peadar, "tá sé lán d'ór agus d'airgead."

“Cruinnigh suas chuile phinginn agus chuile leithphinginn de” adeir an Slánuightheoir le Peadar. Nuair a bhí sé cruinnighthe agus comhairighthe aige, “tabhair leat anois é” adeir an Slánuightheoir, “agus caith amach san abhainn sin thíos a bhfuil ann.”

Chaith Peadar amach san abhainn cuide dhe. Ba mhór an crádhadh leis an t-ór ar fad a chaitheamh ins an abhainn agus tháinig sé ar ais.

“Ar chaith tu amach é a Pheadair?” ar seisean.

“Ba chrádhadh liom an an t-ór ar fad a chaitheamh amach” adeir Peadar.

“Fágaim-se an tsainnt i ndiaidh na sagart” adeir an Slánuightheoir.

Sin é an t-ughdar a bhfuil na sagairt chomh sanntach san airgead ó shoin.

25/3/36